

# An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Foirm PSRCF 1.

## Foirm maidir le hÉileamh ar an gCiste Cúitimh

Cuireann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) "Ciste Cúitimh Seirbhísí Maoine" ar fáil as ranníocaíochtaí atá déanta ag na Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe (ceadúnaithe) agus a chuirtear i bhfeidhm de réir ailt 77 agus 78 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (a dtagraítear dó ina dhiaidh seo mar "Acht 2011").

Is é is aidhm leis an gCiste Cúitimh ná cailteanas a d'fhulaing cliaint cheadúnaithe mar thoradh ar mhímhacántacht ceadúnaí a chúiteamh. Ní mór ceadúnas bailí a bheith ag an gceadúnaí an tráth ar cuireadh an tseirbhís maoine ar fáil agus ní mór éileamh a bheith déanta laistigh de 12 mí i ndiaidh don chliant atá i gceist fáil amach faoin gcaillteanas.

Le linn iarratas a dhéanamh ar dheontas faoin gCiste, ní mór d'iarratasóir a dhearbhu go foirmeálta go bhfuil ábhar an iarratais ar dheontas fíor. Ní mór an dearbhú sin a dhéanamh faoi mhionn i láthair Aturnae nó Coimisinéara Mionnaí. Is féidir tuilleadh eolais ar Chiste Cúitimh an PSRA a fháil sa 'Treoir maidir le hÉileamh a dhéanamh ar Chiste Cúitimh an Údaráis' ar [http://psr.ie/en/psra/pages/compensation\\_fund](http://psr.ie/en/psra/pages/compensation_fund)

Tá duine ar bith a dhéanfaidh ráiteas bréagach nó míthreorach nó a thabharfaidh faisnéis bhréagach nó míthreorach ciontach i gcion agus dlífeair ar an duine sin, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air.

### CUID I - Sonraí an Iarratasóra

Teideal:

Céadainm:

Sloinne:

Seoladh:

Uimhir Teagmhála

Teileafóin/Fóin

Póca:

Seoladh

Ríomhphoist:

### CUID II - Mionsonraí faoin Soláthraí Seirbhísí Maoine (SSM)

Teideal:

Céadainm:

Sloinne:

Ainm an Ghnó:

Seoladh:

Uimh. Theileafóin

Uimh. Fóin Póca

Seoladh Ríomhphoist:

Tabhair sonraí ar an gcaidreamh atá agat leis an Soláthraí Seirbhísí Maoine.

### CUID III - Leibhéal an Deontais

Leibhéal an Deontais a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith:

€

Tabhair sonraí iomlána agus briseadh síos ar an tsuim a éilíodh e.g. cailteanas iarbhír, costais a tabhaíodh. Cuir cruthúnas ar fáil chomh maith e.g. admháil, sonrasc etc.

### CUID IV - Ceisteanna Ábhartha

An ndearnadh an cailteanas (nó aon chuid de) a ghnóthú ó fhoinsí eile (e.g. Árachas)?

RINNEADH

NÍ DHEARNADH

Más "Rinneadh", cuir sonraí iomlána ar fáil:

Ar thug tú tuairisc faoin gcaillteanas don Gharda Síochána?

THUG

NÍOR THUG

Más "Thug", an bhfuil imscrúdú coiriúil ar siúl? Má tá, tabhair sonraí iomlána lena n-áirítear uimhir pulse.

## CUID V - RÁITEAS FAOI SHONRAÍ AN ÉILIMH ATÁ LE SOLÁTHAR

Mura bhfuil dóthain spáis ann, cuir an oiread leathanach breise is gá i gceangal leis seo.

C1. An féidir leat an dáta agus na himthosca inar bhfuair tú amach faoin gcaillteanas a dheimhniú?

C2. Tabhair sonraí maidir le conradh do sheirbhís scríofa (Litir Chomhaontaithe) a cuireadh ar fáil nuair is cuí.

C3. Tabhair sonraí maidir leis an tsuim airgid a íocadh leis an soláthraí seirbhísí maoine.

C4. Déan cur síos mionsonraithe (lena n-áirítear dátaí agus suimeanna) ar na himthosca ina bhfuair an Soláthraí Seirbhísí Maoine seilbh ar an airgead nó ar an maoin eile ar ina leith a líomhnaítear gur fúlaingíodh an caillteanas agus sonraí iomlána maidir leis an airgead sin nó maidir leis an maoin sin.

C5. Tabhair na fíorais a bhfuiltear ag brath orthu mar thacaíocht i ndáil leis an líomhain seo i leith mímhacántachta.

C6. Tabhair mionsonraí faoi aon cháipéisí iomchuí ar féidir iad a thabhairt ar aird mar thacaíocht i ndáil leis an iarratas seo

C7. Tabhair mionsonraí faoi aon imeachtaí sibhialta, coiriúla nó araíonachta a tionscnaíodh, nó atá ar siúl, i leith na bhfíoras atá leagtha amach san iarratas seo.

C8. Aon eolas ábhartha eile:

## CUID VI - Cáipéisí Tacaíochta

Liostaigh thíos aon cháipéisí tacaíochta atá faoi iamh. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist le cáipéisí tacaíochta ná litreacha, ríomhphoist, sonraise nó admhálacha.

## CUID VII - DEARBHÚ (Ní mór an dearbhú a shíniú go comhpháirteach i gcás ina mbaineann an t-éileamh seo le níos mó ná aon éilitheoir amháin)

Deimhnímse an t-iarratasóir/Deimhnímid na hiarratasóirí, gur fhulaing mé/muid cailteanas airgeadais, mar atá leagtha amach thíos, ar cailteanas é a gcreidim/gcreidimid ina leith gurbh é is cúis leis ná mímhacántacht an tSoláthraí Seirbhísí Maoine dá dtagraítear i gCuid III, agus, dá dhroim sin, tá iarratas á dhéanamh agam/againn chugatsa anois ar dheontas as an gCiste Cúitimh chun mé/muid a chúiteamh i leith mo chaillteanais.

Daingním/Daingnímid go bhfuil an fhaisnéis atá ann san fhoirm iarratais seo agus, chomh maith leis sin, atá ann sna cáipéisí tacaíochta agus san fhaisnéis tacaíochta go léir atá curtha ar fáil agam/againn in éineacht le m'fhoirm/lenár bhfoirm iarratais i ndáil le deontas as an gCiste, fíor agus cruinn.

Admhaím/Admhaímid go mbeidh an tÚdarás i dteideal aon chearta atá agam/againn i gcoinne an tSoláthraí Seirbhísí Maoine a bheith aige a mhéid a bhaineann le haon deontas a íocadh liom/linn faoi alt 78(6) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus go bhféadfaidh tusa agairt a dhéanamh i m'ainmse/inár n-ainm.

Déanaim/déanaimid aon chearta atá agam/againn chun an cailteanas a ghnóthú ón Soláthraí Seirbhísí Maoine a aistriú chugatsa.

Daingním/daingnímid gur mise/muid an t-aon iarratasóir(i) amháin i ndáil leis an éileamh Ciste Cúitimh seo.

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Níl gá le Dara Síniú ach amháin i gcás ina dtíolactar comhéileamh

Síniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

**CUID VIII - Dearbhú Coimisinéara Mionnaí.**

**Dearbhú Coimisinéara Mionnaí**

**ARNA DHEARBHÚ os mo chomhairse ag**

**a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi/orthu nó ar chuir**

**a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi, in aithne dom é/í/iad nó ar shuigh mé a chéannacht/céannacht/gcéannacht sula ndearnadh an dearbhú seo trí bhreathnú ar a phas/pas/bpasanna:**

**Uimhir an phas:**

**Arna eisiúint ar (dáta eisiúna):**

**Ó údaráis (stát eisiúna)**

**Nó féach thíos\*\***

**Ag**

**I gCathair nó i gContae:**

**An      ú lá seo de                      20**

**Coimisinéir Mionnaí / Aturnae Cleachtach**

**TÁ GÁ LE STAMPA OIFIGIÚIL**

**\*\*Má tá cineál eile céannachta, a cheadaítear leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008, amhail cárta aitheantais náisiúnta, á úsáid, leasaigh an fhoirm seo de réir mar is gá agus úsáid dearbhú ar leithligh i leith gach duine ar leith.**

## NÓTA

Chun faisnéis a fháil faoin bpróiseas a bhaineann leis an gCiste Cúitimh, féach Cuid 9 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011.

Ba chóir Foirmeacha maidir le hÉileamh ar an gCiste Cúitimh a sheoladh chuig - An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine, Foirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, An Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY nó chuig [info@psr.ie](mailto:info@psr.ie)

### Foirm maidir le hÉileamh ar an gFógra maidir le Príobháideachtas

1. Déanann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) na sonraí a sholáthraíonn tú san fhoirm seo a bhailiú. Is é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Rialaitheoir Sonraí maidir leis an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis ag:  

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine  
Foirgnimh na Mainistreach  
Bóthar na Mainistreach  
An Uaimh  
Co. na Mí
2. Bainfidimid úsáid as na sonraí pearsanta a thugann tú san fhoirm seo chun imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán atá á dhéanamh agus i ndáil le haon fheidhmeanna eile atá leagtha amach faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus faoi na Rialacháin atá forordaithe leis an Acht sin.
3. Tá an bonn dlí leis na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil le fáil san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus faoi na Rialacháin atá forordaithe leis an Acht sin.
4. Déanfar na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú anseo a stóráil go daingean ar fhreastalaithe de chuid na Roinne Dlí agus Cirt. D'fhéadfadh sé tarlú go gcomhroinnfear iad, más cuí, le heagraíochtaí ceadaithe eile, lena n-áirítear iad seo a leanas: ranna rialtais, gníomhaireachtaí eile stáit, comhairleoirí dlí agus airgeadais.  
(Ar bhonn leanúnach, cuireann PSRA conarthaí cuí/meabhraí tuisceana chuig/comhaontuithe déthaobhacha cuí i bhfeidhm le tríú páirtithe a gcomhroinntear sonraí pearsanta leo.)
5. Déanfar na sonraí sin a stóráil de réir sceidil shonraithe PSRA maidir le coimeád sonraí.
6. Is féidir leat cóip de na sonraí a bhaineann leat féin agus a choimeádaimid a iarraidh. Is féidir sin a dhéanamh trí fhoirm maidir le hIarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a chomhlánú (atá ar fáil ar láithreán gréasáin PSRA ag [http://psr.ie/en/PSRA/Pages/Data\\_Protection](http://psr.ie/en/PSRA/Pages/Data_Protection)) agus í a chur ar aghaidh chuig [info@psr.ie](mailto:info@psr.ie) nó, leis an bpost, chuig Oifigeach Cosanta. Sonraí PSRA ag an seoladh anseo thíos. Beidh ort do chéannacht a fhíorú sular féidir na sonraí a chur ar aghaidh chugat.
7. Tá an ceart agat aon a iarraidh go ndéanfar aon mhíchruinnis i leith do chuid sonraí a cheartú. Chun sin a dhéanamh, is ceart duit scríobh chuig PSRA á rá cad é an míchruinneas ar gá é a cheartú.
8. Tá an ceart agat, más cuí, a iarraidh go scríosfar do chuid sonraí agus/nó go gcuirfear srian ar phróiseáil do chuid sonraí agus, chomh maith leis sin, tá an ceart agat cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí. De bhreis air sin, tá an ceart agat gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.
9. Is féidir teacht ar thuilleadh mionsonraí faoi do chuid cearta i ndáil le cosaint sonraí i mBeartas an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine maidir le Cosaint Sonraí ar beartas é atá ar fáil ar láithreán gréasáin PSRA ag [http://psr.ie/en/PSRA/Pages/Data\\_Protection](http://psr.ie/en/PSRA/Pages/Data_Protection)

Chun plé a dhéanamh faoi aon fhiosruithe maidir leis an bhfoirm seo nó faoi aon saincheisteanna eile a bhaineann le cosaint sonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí PSRA:

Oifigeach Cosanta Sonraí  
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine  
Foirgnimh na Mainistreach  
Bóthar na Mainistreach  
An Uaimh  
Co. na Mí

Fón: 046-9033800  
Ríomhphost: [info@psr.ie](mailto:info@psr.ie)